Oideachas, Sóisialta,
Pearsanta agus Sláinte

SEIRBHÍS THACAÍOCHTA

iarbhunscoile

CUR I BHFEIDHM AN OSPS AG LEIBHÉAL NA HIAR-BHUNSCOILE: CUR CHUIGE AR BHUN CÁS-STAIDÉIR

Achoimre Feidhmiúcháin

Taighdeoirí:
Siobhán O'Higgins,
Marie Galvin &
Catríona Kennedy

Príomhiniúchóirí:
Dr. Saoirse Nic Gabhann &
An tOllamh Margaret Barry

Ionad Taighde um Chothú Sláinte
An Rannóg um Chothú Sláinte
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann,
Gaillimh

NDP
NATIONAL DEVELOPMENT PLAN 2007 - 2013

Is páirtnéireacht idir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte i gcomhar le hInstitiúid Oideachais Marino le maoiniú ón bPlean Forbartha Náisiúnta.

BROLLACH

Is iad Coiste Bainistíochta na Seirbhíse Tacaíochta OSPS (Iarbhunscoil) a rinne coimisiúnú ar an Meastóireacht seo, agus is mian leo aitheantas a thabhairt d'obair agus tiomantas na foirne taighde."

Meán Fómhair 2007

Design & Print by NeoGen, www.neogen.ie

CLÁR

Caibidil	Leathanach
1. Cúlra	3
2. An staidéar reatha	4
3. Tuairimí	5
3.1. Caighdeán agus fiúntas an OSPS	5
3.2. Cuidiú an OSPS i leith taithí sláinte agus oideachais scoláirí na Sraithe Sóisearaí	6
3.3. Tacaíochtaí le feidhmiú an OSPS	8
3.4. Ceangal le páirtithe leasmhara agus a bpeirspictíochtaí siúd	9
3.5. Leanúint leis an OSPS san Idirbhliain agus sa tSraith Shinsearach	11
3.6. Teorainneacha	11
4. Torthaí	12

Caibidil	Leathanach
5. Moltaí	13
5.1. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	13
5.2. An Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	14
5.3. Seirbhís Tacaíochta an OSPS	15
5.4. Príomhoidí	17
5.5. Comhordaitheoirí an OSPS	18
5.6 Múinteoirí OSPS	19
5.6 Scoláirí agus Tuismitheoirí	19
Tagairtí	20
Buíochas	20

1. CÚLRA

Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta siollabas Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sóisearaí i mí Aibreáin 2000 (Ciorclán M22/00 an Roinn Oideachais agus Eolaíochta). Is chun teacht leis na prionsabail oideachasúla atá mar bhonn le curaclam na Sraithe Sóisearaí (SS) agus chun cuidiú leo a dearadh an tOSPS; agus seoladh ciorclán (Ciorclán M11/03 an Roinn Oideachais agus Eolaíochta) chuig na hIar-bhunscoileanna go léir ar cuireadh in iúl dóibh ann go gcaithfeadh an tOSPS a bheith ina chuid de phríomhchuraclam na Sraithe Sóisearaí faoi Mheán Fómhair 2003.

Rinneadh roinnt staidéar taighde cheana a chuir le forbairt an tionscnaimh seo (OSPS, 2004; Burtenshaw, 2003; Geary & Mannix-McNamara, 2003; Millar, 2003a; Millar, 2003b). Tá eolas fíorthábhachtach sna tuairiscí sin go léir ar fheidhmiú Sheirbhís Tacaíochta an OSPS agus ar leathnú amach an OSPS sna scoileanna. Ach fós féin níl eolas ná tuiscint iomlán ar fáil ar fheidhmiú an OSPS féin. Léiríonn Burtenshaw (2003) go bhfuil gá le tuilleadh eolais faoin méid comhtháthaithe a bhíonn ag an OSPS ar leibhéal na scoile agus faoi na bunmheicníochtaí freisin, maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí oiliúna atá ag Seirbhís Tacaíochta an OSPS agus leis an gcomhoibriú is féidir a bheith ann idir OSPS agus gníomhaíochtaí eile curaclaim.

Ina theannta ní mór cuimhneamh gur ó bhaill de Sheirbhís Tacaíochta an OSPS, ó Oifigigh Cothú Sláinte, ó Oifigigh Forbartha Réigiúnaí agus ó fhoirne scoile a fuarthas a bhfuil d'eolas againn ar an ábhar seo. Ní raibh aon bhaint ag dhá cheann de na príomhpháirtithe leasmhara le bailiú an eolais, mar atá na scoláirí agus a dtuismitheoirí. Tá an-bhéim sna doiciméid pholasaí a foilsíodh le deireanas ar thuismitheoirí (Investing in Parenthood: the Supporting Parents Strategy; Best Health for Children, 2002) agus ar pháistí (National Children's Strategy; Department of Health and Children, 2000); tá sé tráthúil mar sin go dtabharfaí deis don dá ghrúpa sin a dtuairimí a nochtadh sa chás seo. Ba cheart go mbeadh deis ag gach uile pháirtí leasmhar ról a bheith aige i gcruthú pictiúr iomlánaíoch dá scoil mar thimpeallacht oibre, fhoghlama agus mhaireachtála.

2. AN STAIDÉAR REATHA

Ba é Coiste Bainistíochta an OSPS a choimisiúnaigh an staidéar seo agus ba é a bpríomhaidhm scrúdú a dhéanamh ar an gcúnamh a thugann OSPS do thaithí scoláirí na Sraithe Sóisearaí sa chóras oideachais agus ar an gcaoi a gcuidíonn an tOSPS le curaclam na Sraithe Sóisearaí. Roghnaíodh dhá cheann déag d'iar-bhunscoileanna éagsúla mar shampla agus breathnaíodh orthu mar aonaid iontu féin chun an caidreamh a iniúchadh idir na nithe a d'fhéadfadh dul i gcion ar an OSPS sna scoileanna. B'ilchineálach na modheolaíochtaí ar baineadh feidhm astu i gcur chuige leasaithe an chás-staidéir seo:

- Cuireadh 49 ball foirne sna 12 scoil faoi agallaimh leathstruchtúrtha duine le duine; ar na daoine a chuaigh faoi agallamh bhí an Príomhoide, Comhordaitheoir an OSPS, múinteoirí an OSPS agus ar a laghad ball foirne amháin eile a raibh baint aige/aici le forbairt shóisialta agus mhothálach na scoláirí. Ina theannta ghrádaigh gach agallaí ar pháipéar gnéithe éagsúla den phróiseas feidhmiúcháin ar an taobh amháin agus an scoil mar thimpeallacht maidir le foghlaim agus le sláinte ar an taobh eile.

- Tionóladh grúpaí fócais le tuismitheoirí i 9 scoil, agus ghlac 57 tuismitheoir páirt iontu sin. I scoil amháin eile, níor ghlac aon tuismitheoir páirt sa ghrúpa fócais a bhí arna sceidealú agus i dhá scoil eile mhol an Príomhoide gan aon ghrúpa fócais a ghairm.

- Cuireadh ceardlanna rannpháirtíochta ar siúl le trí rang i ngach aon scoil, agus bhí 686 scoláire páirteach iontu sin. Thug scoláirí freagraí agus pléadh an cheist seo "Dá mbeadh ort cúrsaí sláinte a fheabhsú i do scoilse céard a dhéanfá?"

- Chomhlánaigh 686 scoláire ceistneoir a scaipeadh ar na scoláirí uile a ghlac páirt sna ceardlanna. Bhí ceisteanna ann faoi thuairim na scoláirí i dtaobh a scoile féin agus i dtaobh an OSPS chomh maith le roinnt ceisteanna ginearálta.

- Tugadh ceistneoirí do na scoláirí a bhí rannpháirteach sna ceardlanna le go dtabharfaidís abhaile chuig a dtuismitheoirí iad; bhí na ceistneoirí sin ar aon dul leis na ceistneoirí a fuair na scoláirí féin. Thug na múinteoirí ceistneoirí do na scoláirí i ranganna eile a raibh OSPS ar bun acu lena dtabhairt abhaile chuig a dtuismitheoirí. 911 tuismitheoir ar fad a líon isteach na ceistneoirí agus a thug ar ais iad.

- Cuireadh agallamh freisin ar Oifigeach Forbartha Réigiúnaí OSPS i ngach réigiún a raibh na 12 scoil rannpháirteacha lonnaithe ann.

3. TUAIRIMÍ

Fuarthas an-éagsúlacht tuairimí trí na modhanna seo faoin tuiscint a bhí ag scoláirí, ag múinteoirí, ag tuismitheoirí agus foireann Sheirbhís Tacaíochta OSPS ar an OSPS san am i láthair agus ar a raibh ag teastáil uathu lena aghaidh amach anseo. Rangaíodh na torthaí a fuarthas faoi chúig phríomhthéama: (a) caighdeán agus fiúntas an OSPS; (b) an cuidiú a thugann OSPS do thaithí oideachais agus sláinte na scoláirí; (c) na bealaí ar féidir tacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú an OSPS; (d) caidreamh le páirtithe leasmhara agus a bpeirspictíochtaí siúd, agus (e) an chaoi ar féidir cur leis an OSPS sa tSraith Shinsearach. Is léir ó ionchur agus ó thuiscint na bpáirtithe leasmhara cé hiad na réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú agus a fhorbairt trí phleanáil phraiticiúil éifeachtach ar son thodhchaí an OSPS sna hiar-bhunscoileanna.

3.1. Caighdeán agus fiúntas OSPS

Príomhcheisteanna nua faoi chaighdeán agus fiúntas an tsoláthair OSPS sna scoileanna

- Tá OSPS dúshlánach, tairbheach, fiúntasach agus is mór an cuidiú é.
- Is gné riachtanach do sholáthar rathúil OSPS ardchaighdeán teagaisc.
- Ní mór dóthain acmhainní cuí d'ardchaighdeán a chur ar fáil le haghaidh chlár an OSPS.
- Cuireann brú amchláir agus deacrachtaí ó thaobh ualach an churaclaim isteach ar sholáthar an OSPS.
- Ní hionann an stádas atá ag an OSPS agus stádas na n-ábhar scrúdúcháin.
- Ní thugtar dóthain ama don OSPS.
- Ní raibh roinnt mhaith de na tuismitheoirí in ann tuairimí a nochtadh toisc gan a ndóthain a bheith ar eolas acu faoin scéal.

Is léir gur dearfach an dearcadh atá ag formhór na mball foirne, ag formhór na dtuismitheoirí agus na scoláirí i leith caighdeán sholáthair an OSPS. Creideann an chuid is mó de na baill foirne a chuaigh faoi agallamh go bhfuil a scoil féin ag soláthar clár tairbheach de chuid an OSPS. Creidtear gur ar an teagasc féin a bhraitheann soláthar clár d'ardchaighdeán, go díreach mar atá i réimsí eile den churaclam. Cuireadh béim arís is arís ar a riachtanaí is atá sé a dhóthain ama a bheith ar fáil le haghaidh an ábhair. Tá spéis ag an gcuid is mó de na scoláirí san OSPS agus tacaíonn na tuismitheoirí leis an tuairim sin.

Creideann formhór na dtuismitheoirí, na scoláirí agus na mball foirne fiúntas ard a bheith san OSPS sna scoileanna.

Ní féidir a shéanadh mar sin féin gur dúshlán do na scoileanna atá ann an tOSPS a chothú agus an fiúntas a bhaineann leis a threisiú laistigh den scoil. Is iad na fadhbanna is mó atá ann don fhoireann maidir leis an OSPS ualach an amchláir agus an éiginnteacht a bhaineann le fiúntas an OSPS le hais na n-ábhar scrúdúcháin. Léirítear fiúntas agus tábhacht an OSPS tríd an gcúnamh dearfach a thugann tuismitheoirí agus scoláirí- fiú má tá beagán amhrais orthu faoin ábhar.

3.2. Cuidiú OSPS i leith taithí sláinte agus oideachais scoláirí na Sraithe Sóisearaí

- Príomhcheisteanna nua faoin gcaoi a bhféachtar ar chuidiú an OSPS i leith taithí sláinte agus oideachais na scoláirí sa tSraith Shóisearach

- Is cuidiú dearfach é an OSPS ar dhearcadh na scoláirí i leith sláinte, go háirithe le haghaidh an tsaoil atá amach rompu.

- Cabhraíonn OSPS le scoláirí cuimhneamh ar chúrsaí sláinte atá oiriúnach dá n-aoisghrúpa agus plé a dhéanamh orthu.

- Soláthraíonn OSPS deiseanna chun scileanna pearsanta agus sóisialta na scoláirí a fhorbairt.

- Tá sé deacair don fhoireann tionchar an OSPS ar iompar sláinte i measc scoláirí a mheas.

- Tuigtear go ginearálta gur féidir leis an OSPS iompar sláinte na scoláirí a fheabhsú.

- Tá formhór na dtuismitheoirí agus na scoláirí sásta leis an tacaíocht a thugann OSPS do na scoláirí fanacht sláintiúil.

- Táthar ar aon fhocal go bhfeabhsaíonn OSPS taithí oideachais na scoláirí; bhí na grúpaí uile go léir an-sásta le cumas oideachasúil an ábhair.

- Tá na scoláirí níos amhrasaí ná a dtuismitheoirí faoin tionchar atá ag OSPS ar a gcuid oideachais.

- Deir scoláirí go gcabhraíonn OSPS leo le déileáil le fadhbanna.

Is beag nach bhfuil gach uile dhuine sna scoileanna a bhí rannpháirteach ar aon tuairim - idir bhaill foirne agus Phríomhoidí, thuismitheoirí agus scoláirí - faoin gcuidiú dearfach a thugann an tOSPS do dhearcadh sláinte na scoláirí. Is é an tuiscint atá ann ná go dtugann an tOSPS deis do scoláirí a scileanna pearsanta agus sóisialta a fhorbairt, go gcuireann sé leis an meas atá acu orthu féin, leis an muinín atá acu astu féin agus lena leas i gcoitinne; go gcuidíonn sé lena sláinte fhisiciúil, mheabhrach agus mhothálach agus go méadaíonn sé dá bharr sin ar an meas atá acu ar dhaoine agus ar an gcumas atá acu foighneamh leo.

Creidtear go forleathan go gcabhraíonn an t-ábhar, nó gur féidir leis cabhrú, le scoláirí cuimhneamh ar agus plé a dhéanamh ar chúrsaí sláinte atá oiriúnach dá n-aoisghrúpa. Is mó an drogall a bheadh ar na baill foirne tionchar an OSPS ar iompraíocht sláinte a mheas. Baineann sé sin roinnt mhaith lena dheacra is atá sé a leithéid de chúnamh a mheas. Ar an lámh eile, léiríonn formhór na dtuismitheoirí go bhfuil siad sásta leis an tacaíocht a thugann an tOSPS dá bpáistí le coinneáil sláintiúil, lena thionchar ar a ngníomhaíocht fhisiciúil - caitheamh tobac, a n-iompar maidir le cúrsaí itheacháin agus a ndearcadh i leith an alcóil san áireamh. Ceapann formhór na scoláirí freisin go gcuidíonn OSPS leo maidir le fanacht sláintiúil, ach is mó an t-amhras atá orthu ná mar atá ar a dtuismitheoirí faoin tionchar a bheadh aige ar a n-iompar agus ar na roghanna a dhéanfaidh siad.

Is léir gur cuid an-dearfach é an tOSPS de thaithí oideachais na scoláirí. Dúirt idir bhaill foirne, thuismitheoirí agus scoláirí go dtugadh rang an OSPS deis ar leith do scoláirí iad féin a chur in iúl. Ós rud é nach ábhar scrúdaithe atá i gceist, breathnaítear air mar fhóram ar féidir ceisteanna a bhaineann leis na scoláirí a ardú ann, agus ar féidir plé a dhéanamh ann ar dheacrachtai de gach uile shórt. Creidtear go dtugann sé deis do scoláirí agus do mhúinteoirí araon ceisteanna a bhaineann le saol agus leas na ndaoine óga a iniúchadh agus a phlé agus go dtugann sé sin toise eile do thaithí oideachais na scoláirí. Is follas go mbíonn scoláirí níos amhrasaí ná a dtuismitheoirí faoi thionchar an OSPS ar a gcuid oideachais, ach ar an lámh eile creideann siad níos láidre ná a dtuismitheoirí go gcuidíonn OSPS leo déileáil le fadhbanna agus le deacrachtaí. Tá gach uile ghrúpa de na páirtithe leasmhara cinnte dearfa faoi fhéidearthacht oideachasúil an ábhair.

3.3. Tacú le feidhmiú an OSPS

- Príomhcheisteanna nua maidir lena bhfuil le fáil chun tacú le feidhmiú an OSPS sna scoileanna
- Baineann foireann teagaisc an OSPS taitneamh as, go háirithe iad siúd atá oilte ar a mhúineadh.
- Baineann formhór na scoláire taitneamh as ranganna an OSPS agus as a fhoghlaim.
- Threisigh na múinteoirí a thábhachtaí is a bhí leanúnachas i múineadh an OSPS don rang céanna thar thréimhse cúpla bliain.
- Ceaptar go bhfuil idir oiliúint na múinteoirí chuige agus tacaíocht a thabhairt dóibh riachtanach má tá rath le bheith ar an OSPS.
- Is lú ná a leath líon na scoileanna a luann an tOSPS ina bpróiseas pleanála.

- Tá fonn ar scoileanna an tOSPS a áireamh i bpleanáil don scoil iomlán.

- Tá formhór na scoileanna i ndiaidh polasaí agus struchtúir a dhréachtú i dtaca le feidhmiú chlár an OSPS.

- Is léir go bhfuil ról lárnach ag Comhordaitheoir an OSPS maidir le rathúlacht an chláir.

- Más léir do bhaill foirne an OSPS go bhfuil meas orthu agus go bhfuiltear ag tacú leo bíonn an-sásamh acu ina gcuid oibre.

- Creideann níos mó ná leath na dtuismitheoirí gur gá do na scoileanna breis tacaíochta a thabhairt má tá rath le bheith ar chlár an OSPS a chuirfear ar fáil.

Baineann formhór bhall foirne an OSPS, go háirithe iad siúd atá oilte ar a mhúineadh, taitneamh as teagasc an ábhair. Is follas gurb iad oiliúint na múinteoirí agus an tacaíocht a thugtar dóibh na gnéithe is tábhachtaí maidir le clár rathúil OSPS a chur ar fáil. Is iondúil gur fuinniúla agus gur dúthrachtaí na múinteoirí a bhíonn á theagasc dá ndeoin féin ná na múinteoirí a dtugtar an t-ábhar dóibh dá mbuíochas.

Is cinnte freisin gur den riachtanas oiliúint na múinteoirí agus an tSeirbhís Tacaíochta, má táthar le clár rathúil OSPS a sholáthar. Deir formhór na scoláirí gur taitneamhach leo a bheith ag foghlaim an ábhair agus tacaíonn a dtuismitheoirí leis an mbreithiúnas sin.

I láthair na huaire ní áiríonn os cionn 50% de na scoileanna an tOSPS ina bplean scoile; i dtrí cinn de na scoileanna, áfach, tá an spéis ag na Príomhoidí san OSPS agus ba mhaith leo é a fhí isteach ina bpolasaithe scoile agus ina bpróiseas pleanála. Ba léir freisin gur tuigeadh gurbh fhearr an tOSPS a áireamh mar chuid bhunúsach den phlean scoile ón gcéad lá, seachas é a chur isteach mar rud breise ina dhiadh sin. Sa chuid is mó de na scoileanna tá líon polasaithe agus struchtúrtha arna leagan amach cheana maidir le feidhmiú chlár an OSPS.

Más léir do na baill foirne a mhúineann an tOSPS go bhfuil meas orthu agus tacaíocht á tabhairt dóibh sa scoil, bíonn an-sásamh acu ina gcuid oibre. Creideann os cionn leath na dtuismitheoirí gur gá do na scoileanna tuilleadh tacaíochta a thabhairt má tá rath le bheith ar chlár an OSPS. Is follas go bhfuil ról lárnach ag Comhordaitheoir an OSPS maidir leis an gclár a fhí isteach san amchlár agus a sholáthar go rathúil. Is é dualgas an Chomhordaitheora tacú le foireann OSPS na scoile, cruinnithe foirne a eagrú, an buiséad le haghaidh an OSPS a roinnt agus féachaint chuige go bhfreastalófar ar na riachtanais oiliúna. Bhíothas míshásta i gcúpla scoil mar bhí an tuairim ann go raibh idir struchtúr agus thacaíocht ar iarraidh iontu.

3.4. Caidreamh le páirtithe leasmhara agus a bpeirspictíochtaí siúd

- Príomhcheisteanna nua faoin gcaidreamh le páirtithe leasmhara agus a bpeirspictíochtaí siúd
- Ní mór do bhaill uile na foirne a bheith ar an eolas faoin OSPS sa chaoi go rachaidh an clár i bhfeidhm i gceart.
- Tá an-bhaint go deo ag meon na scoile maidir le cúram tréadach ar an gcaoi a bhféachfar ar an OSPS.
- Is ríthábhachtach Seirbhís Tacaíochta an OSPS chun eolas na múinteoirí eile faoin OSPS a mhéadú agus chun iad a spreagadh le tacaíocht a thabhairt dó.
- Is beag teagmháil a bhíonn ann le tuismitheoirí nuair a bhíonn clár an OSPS á phleanáil agus á fhorbairt.
- Bhí roinnt oiliúint inseirbhíse ar bun i ngach uile scoil. Is léir gur riachtanach an méid sin chun tacú leis an OSPS.
- Thug Oifigigh Forbartha Réigiúnach cuairt ar roinnt de na scoileanna agus bhí siad ag obair leis an bhfoireann go léir i dtaobh mhúineadh an OSPS.
- Tugadh cuireadh do ghníomhaireachtaí seachtracha agus d'aoichainteoirí teacht chuig formhór na scoileanna agus ba léir gur breisíocht dhearfach do chlár an OSPS a bhí san cuairteanna sin.
- Is nós leis na tuismitheorí a thugann a dtuairimí a bheith dúthrachtach spreagúil faoi chlár an OSPS.
- Mhothaigh go leor de na tuismitheoirí nach raibh a ndóthain eolais acu faoin OSPS le tuairim ar bith a thabhairt faoi.
- Ba léir óna ndúirt roinnt de na tuismitheoirí gur mhaith leo tuilleadh eolais faoi chlár an OSPS agus ina theannta sin gur theastaigh uathu níos mó ceangail a bheith acu leis an ngné seo d'oideachas a bpáistí.

Is féidir a mhaíomh nach bhfuil san OSPS go bunúsach ach comhlánú na hoibre atá ar bun ag na múinteoirí eile ach tá an-éagsúlacht tuairimí faoin téis sin. Bhí na rannpháirtithe dearfach faoin ngné sin den scéal i gcúig cinn de na scoileanna, ach bhíothas diúltach faoi i gcúig scoil eile; agus sa dá scoil eile arís is measctha a bhí na tuairimí a nochtadh. Nuair a deirtear go gcomhlánaíonn an tOSPS teagasc na múinteoirí eile sa scoil, creideann múinteoirí an OSPS go mbraitheann sin ar an eolas atá ag an bhfoireann i gcoitinne ar chlár an OSPS. Is léir freisin - ní nach ionadh – gur ar mheon na scoile maidir le cúram tréadach a bhraitheann an méid agus an chaoi a dtéann gné chomhlánaithe an OSPS i bhfeidhm ar obair na ndaoine eile sa scoil. Dá bhrí sin, tá feidhm thábhachtach thacaíochta anseo ag Séiplíneach na scoile, ag múinteoir Creidimh na scoile agus ag an múinteoir Idirchaidrimh Baile – Scoile.

Tuairiscíonn scoil amháin go bhfuil tuiscint mhaith ag a mbaill foirne ar OSPS toisc gur thug Oifigeach Forbartha Réigiúnaí ó Sheirbhís Tacaíochta OSPS cuairt ar an scoil agus go raibh sé ag obair leis an bhfoireann ar fad ar feadh lá iomlán. Ní chreidtear i bhformhór na scoileanna gur gá dul i gcomhairle le baill uile na foirne faoin OSPS. Tarlaíonn sé sin de bharr nach bhfuil dóthain eolais nó tuisceana ag na múinteoirí nach múinteoirí de chuid an OSPS iad ar chlár an OSPS. Tarlaíonn sé corr uair nach bhfuil a ndóthain eolais ag na múinteoiri OSPS féin. Chomh fada is a bhaineann an scéal le tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin OSPS, bíonn cumann tuismitheoirí gníomhach i bhformhór na scoileanna ach ina dhiaidh sin féin is beag baint a bhíonn ag na tuismitheoirí i bpleanáil nó i bhforbairt an ábhair. Cé go leagann an fhoireann scoile béim ar an teagmháil a bhíonn ag an scoil leis na tuismitheoirí, aontaíonn tuismitheoirí agus scoláirí araon nach raibh mórán teagmhála ann ó thaobh an OSPS de. Chuir grúpaí fócais na dtuismitheoirí in iúl go láidir nach raibh ach beagán eolais acu - ach ba léir gur theastaigh uathu tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar.

Cuireann Seirbhís Tacaíochta an OSPS oiliúint inseirbhíse ar fáil agus cuairteanna chuig na scoileanna. Spreagann siad an tOSPS sna scoileanna agus tugann siad tacaíocht dó. Is riachtanach mar sin iad do rath chlár an OSPS. D'fhreastal roinnt múinteoirí as gach aon ceann de na scoileanna rannpháirteacha ar oiliúint inseirbhíse agus tríd is tríd bhí tuairimí dearfacha acu faoin gcúnamh agus faoin spreagadh a thugann Seirbhís Tacaíochta an OSPS.

Is léir sna scoileanna sin a thugann cuireadh do ghrúpaí seachtracha agus d'aoichainteoirí go bhfuil siad go maith go hiondúil maidir le tacú le hobair agus le forbairt an OSPS.

Léirígh na tuismitheoirí sna ceistneoirí gach a raibh siad ag súil leis i dtaca le clár an OSPS. Luaigh na tuismitheoirí réimse leathan topaicí a d'fhéadfaí a áireamh sa chlár; agus i measc na n-ábhar is minice a luadh áirítear cúrsaí gnéis agus collaíochta, alcól, drugaí, toitíní, caidreamh agus forbairt shóisialta, féinmhuinín, féinmheas, brú, brón agus bris, na mothúcháin, an fhearg go háirithe, bia sláintiúil agus gnéithe na sláinte i gcoitinne, freagracht, bulaíocht, cúrsaí airgid. Tríd is tríd bhí na freagraí dearfach spreagúil, ach dála réimsí eile de chuid an churaclaim, tuairiscíonn tuismitheoirí nach féidir leo aon tuairim a thabhairt de cheal eolais faoin OSPS.

3.5. An tOSPS ag leanúint ar aghaidh san Idirbhliain agus sa tSraith Shinsearach

- Príomhcheisteanna nua faoin gcaoi a bhféadfaí cur le OSPS san Idirbhliain agus sa tSraith Shinsearach

- Tá baill foirne fhormhór na scoileanna i bhfábhar leanúint ar aghaidh le OSPS sa tSraith Shinsearach.

- Gnéithe atá riachtanach d'fheidhmiú OSPS sa tSraith Shinsearach is ea socrú amchláir, oiliúint múinteoirí agus an meas atá ag gach duine sa scoil ar an OSPS.

- Thacaigh mionlach de thuismitheoirí agus de scoláirí le leanúint ar aghaidh leis an OSPS sa tSraith Shinsearach.

Creideann mórán de na múinteoirí gur cheart OSPS a bheith ann san Idirbhliain agus sa tSraith Shinsearach. Is iad na dúshláin is mó a fheiceann na múinteoirí maidir lena chur i bhfeidhm ná: am a fháil lena aghaidh ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí (nuair atá an iomarca sa churaclam cheana féin), oiliúint na múinteoirí, agus aghaidh a thabhairt ar an easpa tairbhe a deirtear a fheiceann múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí san OSPS. Is lú ná leath na dtuismitheoirí agus leath na scoláirí a cheapann gur fiú leanúint den OSPS sa tSraith Shinsearach. Tá sé soiléir, áfach, gur dearfa na tuairimi atá ag scoláirí agus tuismitheoirí i roinnt de na scoileanna faoi na féidearthachtaí ná mar atá i scoileanna eile.

3.6. Teorainneacha

Cé gur roghnaíodh na scoileanna go randamach, ní raibh siad ionadaíoch ar fad ar éagsúlacht scoileanna na tíre. Chinntigh an próiseas samplála mar sin féin gur cuireadh gach cineál scoile san áireamh. Bhí sé fíordheacair tuairimí tuismitheoirí a fháil, níor oibrigh cuid de na grúpaí fócais a beartaíodh agus bhí éagsúlacht mhór idir na scoileanna i dtaobh rátaí freagartha na gceistneoirí a tugadh do na tuismitheoirí. Fágann sé sin uile nach bhfuil cinnteacht ghinearálta faoi ionadaíocht inchur na dtuismitheoirí. Ar deireadh thall, ní mór a lua go mb'fhéidir nach mbeadh na sonraí seo feiliúnach chun comparáid a dhéanamh idir scoileanna.

4. TORTHAÍ

Léiríonn torthaí na taighde nach bhfuil aon cheist ann faoi fhiúntas chlár an OSPS. Is é an mhórthuiscint atá ann i measc na bpáirtithe leasmhara uile ná go dtugann OSPS deis do scoláirí a scileanna pearsanta agus sóisialta a fhorbairt, go gcuireann sé lena bhféinmheas, lena bhféinmhuinín agus leas, go gcuidíonn sé lena sláinte fhisiciúil, mheabhrach agus mhothálach agus go gcothaítear foighid agus meas ar dhaoine eile dá bharr. Le go mbeidh an tOSPS ina chuid thairbheach agus éifeachtach den churaclam, ní mór go mbeadh struchtúir ann chun a chinntiú go mbeidh a thábhacht le feiceáil ag gach uile dhuine sa scoil sin. Chomh luath agus a bhíonn an tOSPS ina chuid den chur chuige sa scoil iomlán, is éifeachtaí an próiseas feidhmiúcháin a bhaineann leis.

Éascaítear an tOSPS trí cheannaireacht Príomhoidí agus Comhordaitheoirí scoile, tríd an bhforbairt ar phleanáil sa scoil iomlán agus tríd an bpróiseas comhairliúcháin d'fhorbairt polasaí, trí roghnú cúramach na múinteoirí agus trí oiliúint a chur ar mhúinteoirí agus ar Chomhordaitheoirí an OSPS, agus trí leanúnachas an OSPS san amchlár do mhúinteoirí. Cuidíonn oiliúint sa scoil iomlán maraon le hoiliúint ar leith do Phríomhoidí agus do Chomhordaitheoirí an OSPS leis an gcur chuige sin. Chomh maith leis sin, ní mór am a leagan amach do chruinnithe foirne agus do chomhordú; ba chóir go mbeadh an tOSPS ar an gcárta tuarascála agus go bpléifí le linn cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí é.

Is fearr a éiríonn leis an OSPS nuair a bhíonn múinteoirí ina bhun a bhí sásta oiliúint a fháil ann, nuair a bhíonn sé á mhúineadh do ranganna beaga scoláirí a dtéitear i gcomhairle leo faoi ábhar an OSPS, agus nuair atá acmhainní nua-aimseartha cuí ar fáil, ina measc fillteáin ranga do scoláirí. Teastaíonn níos mó eolais faoi aidhmeanna, próisis agus ábhar an OSPS ó na páirtithe leasmhara uile ach go háirithe ó na tuismitheoirí.

5. MOLTAÍ

Tar éis na torthaí taighde a scrúdú rinneadh na moltaí seo a leanas chun feabhas a chur ar fheidhmiú an OSPS sna hiar-bhunscoileanna. Leagtar amach iad thíos de réir ghrúpaí na bpáirtithe leasmhara lena mbaineann siad, cé go mbeidh gá le gníomhaíocht idir-rannach i bhfeidhmiú cuid mhaith acu.

5.1. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Ceannaireacht

- Ní mór a rá arís gur gá do gach scoil OSPS a chur i bhfeidhm sa tSraith Shóisearach. Caithfidh Cigireacht an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcomhpháirt le Seirbhís Tacaíochta an OSPS leanúint orthu ag cinntiú go bhfuil scoileanna ag glacadh leis an OSPS i ngach aon bhliain den tSraith Shóisearach agus áirítear leis seo feidhmiú ar mheastóireacht sa scoil iomlán agus iniúchadh ábhar.

- Oibríonn Seirbhís Tacaíochta an OSPS chun tacaíocht a aithint agus a chur ar fáil do scoileanna a mbíonn deacrachtaí acu le socrú amchláir agus/nó le háireamh an OSPS sa phróiseas pleanála. Nuair a thugtar chun aitheantais na scoileanna sin a dteastaíonn cúnamh uathu chun an clár OSPS a fheidhmiú, b'fhéidir gur cúnamh breise dóibh na tacaíochtaí atá le fáil ó Sheirbhís Tacaíochta Scoile um Fhorbairt Ceannaireachta nó ó na tacaíochtaí a ainmnítear thíos.

Forbairt Polasaí OSPS

- Ní mór don Roinn Oideachais agus Eolaíochta, trí mheastóireacht sa scoil iomlán agus trí iniúchadh ábhar, cinntiú i gcónaí go bhfuil pleananna don scoil iomlán á bhforbairt sna hiar-bhunscoileanna a áiríonn polasaithe OSPS agus pleananna ábhar.

- Ba chóir go gcloífeadh an próiseas forbartha maidir le polasaí an OSPS a leantar le moltaí an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ó thaobh dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara uile a bhíonn i scoil áirithe. I ndiaidh a léithéide sin de phróiseas comhairliúcháin, beidh feabhas ar an tuiscint, tiomantas agus úinéireacht atá ag na páirtithe leasmhara uile ar fheidhmiú agus ar sholáthar an OSPS.

5.2. An Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Ceannaireacht

- Tugann An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus An Roinn Sláinte agus Leanaí tacaíocht don OSPS, agus tá tábhacht le tacaíocht den chineál sin do thodhchaí an tionscadail. Tá dualgas ar an Roinn Sláinte agus Leanaí agus ar an FSS cinntiú go bhfuil an polasaí agus na tacaíochtaí acmhainne don OSPS ar bun laistigh den rannóg sláinte agus go gcuirfear i ngníomh na gnéithe sláinte agus polasaí sóisialta a bhaineann le feidhmiú iomlán an OSPS ag leibhéal na scoile agus a bhraitheann ar an bhfeidhmiú sin.

- Caithfidh An Roinn Sláinte agus Leanaí agus an FSS oibriú leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le cinntiú go mbeidh tionchar i gcónaí ag guth na rannóige sláinte ar an OSPS de réir mar a bheidh sé ag forbairt.

Cumarsáid

- Tá áit ar leith ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le teagmháil agus moladh a dhéanamh ag leibhéil áitiúla agus réigiúnacha faoin OSPS sna scoileanna. Baineann sé sin go príomha le leagan síos comhthéacs an phobail i leith an OSPS agus cúnamh a thabhairt do na scoileanna nascadh lena bpobail áitiúla.

- Ba cheart don Roinn Sláinte agus Leanaí agus an FSS dul i dteagmháil leis na pobail agus go háirithe le tuismitheoirí faoin ról atá ag OSPS in uasmhéadú oideachais agus sláinte na ndaoine óga.

Oiliúint agus Acmhainní

- Tá an cúnamh a thugann Oifigigh Cothaithe Sláinte um Scoileanna, mar bhaill de Sheirbhís Tacaíochta an OSPS, i leith feidhmiú, cothabháil agus feabhas ar fheidhmiú an OSPS ríthábhachtach agus riachtanach le go leanfar le Seirbhís Tacaíochta an OSPS. Ní mór, go háirithe, go dtabharfadh gach duine atá páirteach i gcur i bhfeidhm an OSPS, aitheantas agus tacaíocht ag leibhéal náisiúnta agus réigiúnach don oiliúint a chuirfear ar fáil don OSPS i dtaca leis na hOifigigh Forbartha Réigiúnaí, don fhorbairt ar acmhainní do mhúinteoirí seomra ranga agus a ról abhcóideachta don OSPS laistigh den tSeirbhís Sláinte.

5.3. Seirbhís Tacaíochta OSPS

Oiliúint

- Tá gá níos mó béime a leagan ar an bhfiúntas atá san oiliúint inseirbhíse sa scoil iomlán chun cur chuige sa scoil iomlán a chruthú a thacóidh le clár an OSPS.

- Ag an oiliúint inseirbhíse do mhúinteoirí, ní mór go dtiocfaí ar smaointe agus modheolaíochtaí a d'fheilfeadh don timpeallacht atá i bhformhór na scoileanna; d'fhéadfadh ranganna móra a bheith i gceist, seomraí nach bhfuil oiriúnach agus deacrachtaí le leibhéal an torainn.

- Moltar go ndéanfar forbairt ar agus go n-áireofaí seisiún ar an amchlár a bheadh dírithe ar phlé a dhéanamh ar dhea-chleachtas agus taithí múinteoirí i ngach clár oiliúna.

- Ba chóir go mbeadh béim á leagan i gcónaí san oiliúint speisialta atá ann do Phríomhoidí agus do Chomhordaitheoirí, a áiríonn samplaí le fianaise faoi dhea-chleachtas agus forbairt foirne, ar na buntáistí a bhaineann leis an gcineál foghlama seo i leith forbairt éifeachtach ar fheidhmiúchán.

- D'fhéadfaí plé a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus leis an gComhairle Múinteoireachta ar chreidiúnú a bheith ann do rannpháirtithe i gcláir oiliúna OSPS mar bhealach le bailmheas a léiriú agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí OSPS.

Acmhainní

- Teastaíonn acmhainní cuí agus ábhartha seomra ranga ó fhoirne OSPS sna scoileanna gur féidir a chur in oiriúint do riachtanais áirithe scoil ar bith.

- Ba mhór an chabhair do na scoileanna eolairí réigiúnacha agus áitiúla de shaineolaithe/chainteoirí féideartha seachtracha a thuigeann clár an OSPS agus a bheadh toilteanach oibriú laistigh dá chreat polasaithe, agus a bheadh mar chuidiú do mhúinteoirí seomra ranga (ach gan a n-áit a ghlacadh ar ndóigh).

Tacaíocht

- Teastaíonn tacaíochtaí breise le haghaidh pleanáil agus bainistíocht OSPS sna scoileanna, agus ba chóir forbairt a dhéanamh orthu i dtaca leis an Tionscadal Pleanála um Fhorbairt Scoile agus an tSeirbhís Tacaíochta Scoile um Fhorbairt Ceannaireachta. Mar sin moltar cur chuige comhordaithe ina n-áireofaí na trí thionscadal.

- Moltar fóram ar líne a fhorbairt ina bhféadfadh Comhordaitheoirí OSPS agus múinteoirí plé a dhéanamh ar dhea-chleachtas agus é a roinnt le daoine eile.

- Faoi réir ghníomhaíochtaí reatha Seirbhís Tacaíocht an OSPS moltar go mbeadh tacaíocht leanúnach ann don scoil iomlán a bheadh bunaithe ar na riachtanais ar leith atá acu.

- Ní mór go luafaí fís an OSPS arís maraon lena fhiúntas i gcur le taithí foghlama na scoláirí agus taithí oibre na foirne. Ba cheart go mbreathnódh an tSeirbhís Tacaíochta ar ábhar bolscaireachta arís chun cuidiú le scoileanna é seo a shoiléiriú do thuismitheoirí agus don phobal.

Caighdeán

- Tá sé soiléir go bhfuil an-difríocht i gcaighdeán feidhmiúcháin an OSPS sna scoileanna éagsúla. Caithfidh Seirbhís Tacaíochta an OSPS breathnú ar na cúinsí ráthú caighdeáin a eascraíonn as sin agus d'fhéadfaidís dul i gcomhar le Cigireacht an Roinn Oideachais agus Eolaíochta leis an scéal a réiteach i gceart.

5.4. Príomhoidí

Forbairt polasaí

- Tá pleanáil sa scoil uile riachtanach le go mbeidh chur chuige tacúil sa scoil iomlán, agus ba cheart go n-áireofaí an tOSPS sa phróiseas seo ón tús, agus go dtabharfaí an leibhéal céanna tábhachta agus aitheantais don OSPS agus a thugtar d'aon ábhar eile.

- Ba cheart go mbeadh an cineál seo d'fhorbairt polasaí chomh hiomlánaíoch agus chomh comhairleach agus is féidir é faoi mar atá leagtha síos sa phróiseas pleanála scoile. Ba cheart go gcinnteofaí freisin tríd an bpróiseas pleanála scoile go gcuirfí polasaí OSPS nó plean ábhair i bhfeidhm chomh luath agus a bheidh forbairt déanta air agus go ndéanfadh na páirtithe leasmhara uile athbhreithniú rialta air le go mbeadh sé éifeachtach ó thaobh phleanáil agus sholáthar an OSPS. Ba cheart go gclúdófaí ina leithéid de pholasaí ceisteanna a bhaineann le hoiliúint múinteoirí, tacaíocht d'fhoireann an OSPS sa scoil, cumarsáid le tuismitheoirí agus ról na scoláirí i bhforbairt an OSPS ag leibhéal na scoile. Ba cheart go mbeadh dlúthbhaint aige freisin le polasaithe na scoile ó thaobh OCG agus úsáid substaintí.

Earcú Foirne

- Nó mór lucht foirne OSPS a cheapadh i gcomhar leis na múinteoirí ar leith agus le Comhordaitheoir OSPS.

- Má chinntítear leanúnachas múinteoirí OSPS tríd an tSraith Shóisearach agus Shinsearach, chomh fada agus is féidir é, cruthófar caidreamh idir an fhoireann agus na scoláirí atá bunaithe ar mhuinín agus buanseasmhacht.

- Tá sé riachtanach go gcuirfí tacaíocht agus oiliúint chuí ar fáil dóibh siúd a bhíonn ceaptha ina gComhordaitheoirí ar an OSPS.

- Níor mhór níos mó cothromaíocht inscne a chinntiú ó thaobh sholáthar an OSPS.

Socrú amchláir

- Tá sé tábhachtach go ndéanfaí forbairt ar fhoireann OSPS agus go gcuirfí cruinnithe foirne ar an amchlár i dtaca leis seo.

- Cinnteofar go mbeidh grúpa teagaisc muiníneach agus éifeachtach ann ach cead a thabhairt don fhoireann freastal ar oiliúint inseirbhíse an OSPS uile a bheidh ar fáil. Cruthóidh sé sin grúpa múinteoirí oilte freisin laistigh den scoil.

- Dá dtabharfaí áit ar an amchlár do mhúinteoirí OSPS le go múinfidís rudaí eile chomh maith leis an OSPS do ghrúpaí éagsúla ranga, bheadh sé ina chuidiú dearfach do chumas iomlán chláir an OSPS i leith torthaí oideachais níos traidisiúnta.

- Rud maith a bheadh ann dá dtabharfaí am ar an amchlár do Chomhordaitheoirí le hacmhainní a fhorbairt, le freastal ar chruinnithe oiliúna lena bhfoireann agus pleanáil a dhéanamh le haghaidh gach uile théarma.
- Ba cheart do Phríomhoidí oibriú leis an bpobal scoile chun ranganna OSPS níos lú a chruthú nuair is féidir é.

5.5. Comhordaitheoirí OSPS

Forbairt Foirne atá éifeachtach

- Ba cheart go mbunófaí foireann de mhúinteoirí oilte OSPS a chasfadh le chéile go rialta le go mbeadh tacaíocht comhchoiteann acu i leith acmhainní, am díospóireachta agus eolas oiliúna.

Leanúint ar aghaidh le OSPS sa tSraith Shinsearach, an Idirbhliain san áireamh.

- Tá soláthar i gcreat curaclaim OSPS na Sraithe Sinsearaí do chomhairliúchán scoláirí ag leibhéal scoile ar leith, agus ba chóir go gcuideodh Comhordaitheoirí OSPS nó múinteoirí leis sin nuair a bheidh an próiseas d'fheidhmiú na Sraithe Sinsearaí á phleanáil ag leibhéal na scoile.

Cumarsáid

- Dá socrófaí bealach le tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi ábhar chlár an OSPS gach uile théarma is é is dóichí go mbeadh níos mó suime agus tacaíochta ag teacht ó na tuismitheoirí. Bheadh OSPS, ach é a chur ar an gcárta tuarascála, mar chuid de phróiseas cumarsáide leanúnach le tuismitheoirí, agus dá mbeadh bord ar leith OSPS socraithe ag cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí chuirfeadh sé leis sin freisin.

- I gcuid mhaith de na scoileanna, múineann múinteoirí an OSPS ábhair eile agus labhraíonn siad le tuismitheoirí fúthu sin. Ní mór aitheantas a thabhairt dá ról mar mhúinteoirí de chuid an OSPS le spreagadh a thabhairt do thuismitheoirí an tOSPS a phlé mar ábhar freisin.

- Tá sé tábhachtach a chinntiú go gcoinneofar foirne scoile suas chun dáta faoi ábhar chlár an OSPS atáthar a sholáthar. D'fhéadfadh sé sin teacht le bunú fóraim ina ndéanfaí forbairt ar phlean teagaisc comhleanúnach agus comhtháite mar chuid den phlean don scoil iomlán.

5.6. Múinteoirí OSPS

- Níor mhór do mhúinteoirí cinntiú go bhfreastalóidh siad ar gach uile oiliúint inseirbhíse OSPS i ndiaidh a chéile, chomh fada agus is féidir leo.

- Ba cheart go léireodh múinteoirí na riachtanais oiliúna ar leith atá acu agus go gcuartóidís tacaíocht lena n-aghaidh.

5.7. Scoláirí agus Tuismitheoirí

- Laistigh de chomhthéacs churaclam an OSPS atá ceadaithe, ní mór go rachfaí i gcomhairle go gníomhach agus go dtabharfaí cluas do scoláirí maidir le hábhar a gcuid ranganna OSPS; d'fhéadfaí díospóireachtaí ar an OSPS le linn cruinnithe comhairle scoile a áireamh sna próisis seo.

- Ní mór tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas faoi pholasaí an OSPS agus ábhar an chláir. Ba cheart é seo a dhéanamh go díreach le tuismitheoirí ar bhealaí atá soiléir agus atá le tuiscint mar shampla ar shuíomh gréasáin scoile agus ag cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí.

TAGAIRTÍ

Burtenshaw, R. (2003) *Review of Social, Personal and Health Education at Junior Cycle*. http://www.sphe.ie/review4.pdf (20/1/70).

Geary, T. & Mannix-McNamara, P. (2002) *Implementation of Social, Personal & Health Education at Junior Cycle: tuairisc suirbhé náisiúnta. Luimneach:* Ollscoil Luimnigh. http://www.sphe.ie/review1.pdf (20/1/07).

Millar, D. (2003a) *A Preliminary Review of the SPHE Needs Analysis Survey (2000-2001)* http://www.sphe.ie/review2.pdf (20/1/07).

Millar, D. (2003b) *Review of Records of In-Service Training for Teachers of SPHE: Feabhra 2001 go hAibreán 2003* http://www.sphe.ie/review3.pdf (20/1/07).

Seirbhís Tacaíochta OSPS (Iarbhunscoile) (2004) *SPHE Story – An example of incremental change in the school setting.* http://www.sphe.ie/The%20SPHE%20Story%20.pdf (20/1/07).

BUÍOCHAS

Is mian linn buíochas a ghlacadh le scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí agus bainistíocht an 12 scoil a bhí rannpháirteach. Chomh maith leis sin, táimid buíoch as ucht na tacaíochta agus na treorach a thug coiste bainistíochta an OSPS, a rinne coimisiúnú ar an taighde seo ar dtús, agus go mórmhór baill an fhochoiste taighde a d'oibrigh linn le linn pleanáil, feidhmiú agus tuairisciú na taighde -An tUasal John Lahiff, Comhordaitheoir Náisiúnta, Seirbhís Tacaíochta OSPS (Iar-bhunscoile), Dr. Celia Keenaghan, An Príomhthaighdeoir, Foireann Daonra Sláinte Leanaí agus Daoine Óga, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Olive McGovern, Cothú Sláinte, An Roinn Sláinte agus Leanaí, Nora Friel, Cigire Sinsearach, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An tUasal Jim Kavanagh, Cigire Sinsearach, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Tugaimid buíochas ó chroí freisin do bhaill Sheirbhís Tacaíochta an OSPS, go mórmhór Ann Doherty, An tUasal John Lahiff agus gach uile dhuine de na hOifigigh Forbartha Réigiúnaí agus na hOifigigh Cothaithe Sláinte um Scoileanna a chuidigh linn le linn na hoibre seo. Ar deireadh glacaimid buíochas leis an bhfoireann san Ionad Taighde um Chothú Sláinte, An Rannóg um Chothú Sláinte, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh, go háirithe le Mary Cooke agus le Christina Costello mar gheall ar an riarachán taighde agus le Larri Walker as ucht na sonraí a iontráil.